Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)**

**13168/23**

**SOC 619
EMPL 441
EDUC 359
ECOFIN 897
DIGIT 187**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Seimeastar Eorpach 2023: Tionchar na dteicneolaíochtaí ar an saothar: i dtreo aistriú digiteach cóir<br>- Díospóireacht pholaitiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 9 Deireadh Fómhair 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Comhairle EPSCO (Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta)**

**An Seimeastar Eorpach 2023:**

**Tionchar na dteicneolaíochtaí nua ar an saothar: i dtreo aistriú digiteach cóir**

Ní inniu ná inné a thuig an tAontas Eorpach agus na Ballstáit an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra a bheidh ag bagairt ar gheilleagair agus ar shochaithe uile an domhain amach anseo, dúshláin a ghabhann leis an aistriú glas, an digitiú, leis an athrú déimeagrafach agus le bánú cuid dá gcríoch.

Thug an Chomhairle Eorpach le fios sa 'Chlár Oibre Straitéiseach 2019-2024'[1], agus í ag leagan béim ar an digitiú, gur i dtreise a rachaidh an claochlú digiteach sna blianta amach romhainn agus go mbeidh tionchar forleathan aige; dá bhrí sin ní mór an beart uainn a chur in oiriúint sa chaoi is go gcuirtear na luachanna sochaíocha dár gcuid san áireamh, go gcuirtear an chuimsitheacht chun cinn ann agus i gcaoi atá comhoiriúnach lenár modh maireachtála.

Agus an méid sin á chur san áireamh aige, d'fhógair an Coimisiún, in 2020 sa Teachtaireacht dar teideal *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú][2], go ndíreodh sé ar trí príomhchuspóir lena gcinnteofar go mbeidh na réitigh dhigiteacha ina gcabhair don Eoraip i dtreo an chlaochlaithe dhigitigh lena n-urramaítear na luachanna a leanas: teicneolaíocht a fhreastalaíonn ar na daoine; geilleagar cóir iomaíoch; agus conair Eorpach i dtreo an chlaochlaithe dhigitigh lena dtreisítear ár luachanna daonlathacha, lena n-urramaítear ár gcearta bunúsacha agus agus lena gcuirtear le geilleagar atá inbhuanaithe, aeráidneodrach agus acmhainntíosach.

Dúshlán ollmhór do bheartais fostaíochta, saothair agus cosanta sóisialta agus don idirphlé sóisialta is ea an t-aistriú digiteach, mar aon leis an tionchar a bheidh ag an aistriú digiteach ar an bhfostaíocht, ar na scileanna atá de dhíth ar chuideachtaí agus ar oibrithe agus ar dhálaí oibre agus ar an gcaidreamh oibreachais.

Is é an digitiú is cúis leis an gclaochlú ollmhór atá ag teacht ar an gcaoi a dtáirgtear earraí agus an ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí ar fáil. Is beag seans go dtiocfaidh na teicneolaíochtaí nua in ionad an duine daonna go huile is go hiomlán, ach más beag, tá gairmeacha nua ag teacht chun cinn de thoradh an mhéadaithe ar uathoibriú na bpróiseas, tá gairmeacha eile ann atá ag claochlú ó bhonn agus gairmeacha eile atá imithe i léig ar fad nó atá gan ghá.

---

1 Conclúidí na Comhairle Eorpaí, an 20 Meitheamh 2019.

2 Teachtaireacht maidir le Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú', an 19.2.2020, COM (2020) 67 final.

Is féidir leis an réabhlóid theicneolaíoch deiseanna nua fostaíochta a chruthú agus na bearnaí sa rannpháirtíocht saothair atá ann cheana a dhúnadh. Táthar ag súil, cuir i gcás, go gcruthófar, a bhuí leis an intleacht shaorga agus an róbataic, beagnach 60 milliún post nua ar fud an domhain sna cúig bliana amach romhainn[3]. Ar choinníoll go n-úsáidtear gníomhaíochtaí beartais lena dtugtar aghaidh go héifeachtach ar an deighilt dhigiteach, is féidir le ceantair thuaithe iargúlta a bhfuil na héifeachtaí a bhaineann le sochaí atá ag dul in aois agus an bánú ag bagairt orthu tairbhe a bhaint as an digitiú.

Ina theannta sin, tá impleachtaí suntasacha ag an digitiú maidir leis an gceart chun oideachais chuimsithigh ar ardcháilíocht, chun oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil mar a leagtar amach i bPrionsabal 1 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta iad. De bharr an aistrithe dhigitigh, is tábhachtaí ná riamh go ndéanfar scileanna digiteacha a fhoghlaim agus a uasghrádú ionas go mbeidh gach saoránach in ann a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus le go mbeidh fiontar agus oibrithe in ann déileáil leis na hathruithe atá ar bun sa mhargadh saothair.

Tugtar chun cuimhne sa Chinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna[4] go bhfuil, san Aontas, leibhéal bunúsach eolais dhigitigh de dhíth i gcomhair níos mó ná 90 % de na róil ghairmiúla, agus níl bunscileanna digiteacha ag thart ar 42 % de shaoránaigh an Aontais, 37 % d’oibrithe san áireamh.

Ba cheart do na bearta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chinneadh sin a bhaint amach, ba cheart go rannchuideoidís le spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach, mar a shainítear i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta iad. Áirítear leis sin, go háirithe, gur cheart do 60 %, ar a laghad, de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach i gcúrsa oiliúna gach bliain agus ba cheart scileanna digiteacha bunúsacha a bheith ag 80 %, ar a laghad, de dhaoine idir 16-74 bliain d’aois, rud a bheadh ina réamhchoinníoll le haghaidh cuimsiú agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus sa tsochaí in Eoraip dhigiteach.

Ina theannta sin, tá tionchar úsáid na hintleachta saorga ar dhálaí oibre agus ar chearta an duine ag éirí níos ábhartha. Cé gur iomaí sin buntáiste a bhaineann le húsáid córas intleachta saorga d’oibrithe agus do chuideachtaí, is iomaí dúshláin a bhaineann leis chomh maith, cuir i gcás más faoi na halgartaim a fhágann na cuideachtaí na dualgais cumhachta agus eagrúcháin, rud a mhéadódh a n-acmhainneacht rialaithe.

---

[3] Teachtaireacht maidir le hEoraip shóisialta láidir le haghaidh aistrithe córa], 5353/20.

[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna (IO L 125, 11.5.2023, lch. 1)

An earcaíocht agus an roghnúchán, leithdháileadh cúraimí agus breithmheas feidhmíochta, dul chun cinn gairme agus foirceannadh conarthaí: is gnéithe lárnacha den chaidreamh saothair agus de na dálaí oibre iad seo agus is minic go bhfágtar na cúramaí sin anois faoi na córais chinnteoireachta uathoibrithe.

Tá buntáistí áirithe ag baint leis na córais uathoibrithe sin do hoibrithe, cuir i gcás feabhas a chur ar an táirgiúlacht, an chuimsitheacht a chur chun cinn nó an shábháilteacht san áit oibre a mhéadú. Bíodh sin mar atá, is baol go dtiocfaidh rioscaí suntasacha nua chun cinn dá bharr seo chomh maith, cuir i gcás an chlaontacht algartamach a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de phrionsabail bhunúsacha agus de chearta bunúsacha san áit oibre. Tig leo an t-idirdhealú a bhuanú ar bhonn míchumais, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, inscne, aoise nó gnéaschlaonta, rud atá i gcoinne chuspóirí Aontas an Chomhionannais[5].

Ní mór do bheartais fostaíochta agus saothair ráthaíochtaí leordhóthanacha a thabhairt chun freagairt iomchuí chóir éifeachtach a thabhairt ar na dálaí sin, lena n-áiritheofar go mbeidh an fhorbairt theicneolaíoch fite fuaite le dálaí oibre leordhóthanacha , cosaint saothair agus shóisialta. Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart an intleacht shaorga agus úsáid na n-algartam a bheith faoi réir rialú an duine agus ba cheart an digitiú a fhónann do na fostaithe a chur chun cinn, agus a gcearta aonair agus comhchoiteanna á n-urramú ag an am céanna.

Tá, cuir i gcas, roinnt tíortha tar éis reachtaíocht a ghlacadh maidir leis an dualgas atá ar chuideachtaí i ndáil leis an trédhearcacht algartamach, agus leis an ngá ionadaithe na bhfostaithe a chur ar an eolas maidir lena úsáid in eagrú na hoibre.

Ní mór ceartas sóisialta, an cuimsiú, an comhionannas, cearta oibrithe, an tsláinte agus an tsábháilteacht a áirithiú agus teicneolaíochtaí á n-úsáid san áit oibre. Cuirimid i bhfáth gur gá an t-aistriú glas a bheith cóir, agus ar an dóigh céanna is amhlaidh is ceart go mbeidh an t-aistriú digiteach ina chuspóir dár mbeartais phoiblí chomh maith, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha[6]. Fágann sé seo gur cheart deiseanna a áirithiú maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le feabhas a chur ar cháilíocht na fostaíochta agus ar dálaí oibre a áirithiú, agus gur cheart tionchair dhiúltacha eacnamaíocha agus shóisialta ar chearta oibrithe a sheachaint.

---

[5] Gheobhaidh tú forléargas ar reachtaíocht an Aontais agus ar thionscnaimh i gcoinne an idirdhealaithe ach cliceáil ar: Aontas an Chomhionannais (europa.eu)

[6] Dearbhú Eorpach maidir le cearta agus prionsabail dhigiteacha | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.eu)

Is iomaí uair a tugadh chun suntais sa Seimeastar Eorpach an gá atá le hathchóirithe agus infheistíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú digiteach. Sainaithníodh sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023 is riachtanach iad bearta den sórt sin chun bonn eacnamaíoch an Aontais a neartú, chun cruthú gnó agus an fhiontraíocht a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an mbearna i scileanna digiteacha mar dhúshlán ar leith nach mór aghaidh a thabhairt air chun cothroime agus iomaíochas a neartú.

Is ríthábhachtach an ról atá ag na comhpháirtithe sóisialta chun aistriú digiteach cóir den sórt sin a bhaint amach. Is príomhuirlisí iad an idirphlé sóisialta trípháirteach agus dépháirteach agus an cómhargáil ar gach leibhéal chun anailís a dhéanamh agus sainmhíniú a thabhairt ar na beartais a oiriúnaíodh go hiomlán do riachtanais na bhfostóirí agus na n-oibrithe, agus iad a chur chun feidhme.

**Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na hairí tuairimí maidir leis na ceisteanna a leanas a phlé:**

- Cad iad na tionscnaimh nua a d’fhéadfaí a sheoladh ar leibhéal an Aontais chun faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar thionchar na dteicneolaíochtaí ar na nithe a leanas: an fhostaíocht, scileanna, cearta oibrithe, dálaí oibre, caidreamh oibreachais agus cearta sóisialta?

- Conas is féidir linn an t-aistriú digiteach a dhéanamh cóir? Conas is féidir leis an Seimeastar Eorpach cabhrú leis na Ballstáit gníomhú go hiomchuí? Cad is ról don idirphlé sóisialta trípháirteach agus dépháirteach?